



| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Cúntóir Feidhmiúcháin, Rannóg na nEolaíochtaí Bithleighis |
| **Tréimhse an Phoist:** | Buan |
| **Grád:** | Cúntóir Feidhmiúcháin |
| **Scála Tuarastail:** | €32,856 - €49,419 |
| **Teaghlach Poist:** | Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 1 |
| **Tagairt Ghrádaithe Poist:** | 2010/71 |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceann Scoile nó Ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 020042 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Arianna Eady |
| **For Applications and Closing Date:** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre:** | NÍL |

## Position Summary:

Bunaithe i rannóg na nEolaíochtaí Bithleighis, UCD, Belfield, cuirfidh an Cúntóir Feidhmiúcháin tacaíocht riaracháin ar fáil ar dtús do na hÁbhair laistigh den Fhoireann Eolaíochtaí Bithleighis agus tacóidh sé/sí le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus le fiosrúcháin mhic léinn. Beidh sé/sí ag obair mar chuid d'fhoireann agus beidh sé/s\i páirteach i réimse leathan dualgas riaracháin a bhaineann le hoifig ghnóthach agus dhinimiciúil. I measc phríomhfheidhmeanna an phoist beidh an cumas seirbhís an-solúbtha, fhreagrúil agus éifeachtach a sholáthar do bhaill foirne laistigh de Scoil an Leighis agus do na páirtithe leasmhara uile.

**Eagraíocht na Scoile – Foireann Riaracháin**

Déantar foireann riaracháin scoile a imscaradh, nuair is féidir, i gceann de naoi bhfoireann a sholáthraíonn tacaíocht acadúil do Rannóga nó d'aonaid fheidhmiúla ar fud na Scoile. Tá foirne tacaíochta acadúla á mbainistiú ag ceannaire foirne a oibreoidh go dlúth leis an gceannaire acadúil ábhartha chun a chinntiú go n-imscartar acmhainn de réir tosaíochtaí acadúla




Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht, déantar tacaíochtaí acadúla áirithe a lárú i gceann de thrí fhoireann ar leibhéal Scoile lena n-áirítear (a) Oifig na Scoile agus na nDéan (b) Taighde Leighis agus (C) foirne Oifig an Chláir um Eolaíocht Sláinte.